

# *Lámhleabhar do Thuismitheoirí*



***N.P.A.V.S.C.C.***

*Ba mhaith leis na Foilsitheoirí cuidiú  
Fhoras na Gaeilge a admháil, a chuir  
cúnamh airgeadais ar fáil in ullmhú an  
lámhleabhair seo.*



# *Pacáiste Eolais do Thuismitheoirí*

*An t-eolas iomlán atá de dhíth ar  
Chumann Tuismitheoirí san  
Iar-bhunoideachas*

*An dóigh le páirt a ghlacadh sa  
Chumann Tuismitheoirí*



*Ullmhaithe ag Feidhmeannas Náisiúnta  
NPAVSCC 2006*



## *Achoimre*

Tá an pacáiste eolais seo curtha le chéile ag Cumann Tuismitheoirí Náisiúnta do Ghairscoileanna agus d'Fheidhmeannas Náisiúnta Choláistí an Phobail, mar cháipéis bheo ina bhfuil eolas cuí do thuismitheoirí i gCumann Scoile s'acu, agus is féidir an pacáiste seo a nuashonrú de réir mar a athraíonn ceisteanna oideachais sna blianta atá le teacht. Ba chóir go mbeadh eolas ag tuismitheoirí ar chúrsaí oideachais agus iad eolach chomh maith ar athruithe i gCumann Tuismitheoirí Náisiúnta Iar-bhunoideachais (NPCpp). Chomh maith leis seo caithfidh muid a bheith meabhrach ar athruithe sa pholasaithe atá ag teacht ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta (DES), agus atá á bhforbairt acu fosta. Baineann an pacáiste seo le príomhchúrsaí a bhfuil suim ag tuismitheoirí iontu. Tugann sé treoir ar bhunú chumann scoile, agus cuireann sé sonraí teagmhála ar fáil chuig oifigigh feidhmiúcháin agus chuig daoine cuí eile in DES. Tá léargas ginearálta ar chúrsaí a d'fhéadfadh a bheith ann sna scoileanna istigh sa phacáiste, chomh maith le heolas teagmhála na ndaoine a bhfuil comhairle le tabhairt acu. Tá liosta na ngiorrúchán sa téarmaíocht atá in úsáid ag pobal na scoileanna ann fosta. Tá liosta na dtuismitheoirí roghnaithe don Choiste Gairmoideachais ann, a bheadh úsáideach mar phointe teagmhála sa chumann scoile áitiúil.

## *Clár*

- *Cad chuige a bhfuil gá ann le Cumann Tuismitheoirí?*
- *Cad é an rud Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí do Ghairmscoileanna agus do Choláistí an Phobail?*
- *Príomhchuspóirí NPAVSCC*
- *Cad chuige a nglacfá páirt i gCumann Tuismitheoirí?*
- *An tAcht Oideachais 1998*
- *Treoirlínte do Chumann na Scoileanna*
- *Struchtúr agus bord oifigeach an NPAVSCC*
- *Meastóireacht Scoile Uile*

### *LIOSTA NA nAGUISÍNÍ*

<i>AGUISÍN</i>	<i>1</i>	<i>Bunreacht Chumann Náisiúnta na dTuismitheoirí</i>
<i>AGUISÍN</i>	<i>2</i>	<i>Polasaí Chumann Náisiúnta na dTuismitheoirí</i>
<i>AGUISÍN</i>	<i>3</i>	<i>Liosta na nGiorrúchán</i>
<i>AGUISÍN</i>	<i>4</i>	<i>Ionadaithe Tuismitheoirí VEC</i>
<i>AGUISÍN</i>	<i>5</i>	<i>Gníomhaíochtaí go dtí seo</i>
<i>AGUISÍN</i>	<i>6</i>	<i>Teagmhálaithe</i>

## *Cad chuige a bhfuil gá ann le Cumann*

### *Tuismitheoirí?*

Tugann sé deis do thuismitheoirí ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta a gcuid tuairimí a chur in iúl ar ábhar an-tábhachtach, mar atá oideachas a bpáistí. Chun an glór seo a bheith éifeachtach caithfidh muid a bheith eagraithe. Mar sin de is é leas na dtuismitheoirí Cumann Tuismitheoirí láidir a bheith acu i ngach scoil.

Taispeánann thuismitheoirí a ghlacann páirt i gCumann Tuismitheoirí, ní amháin go bhfuil suim acu in dul chun cinn acadúil a bpáistí, ach ina bhforbairt chomh maith. Beidh níos mó eolais acu ar an scoil, ar na múinteoirí, agus ar imeachtaí lasmuigh den churaclam atá ar siúl.

Is féidir fadhbanna mar bhulaíocht, drugaí, brú piarghrúpa srl. a phlé le thuismitheoirí eile in atmaisféar atá cairdiúil. Táthar ag súil go mbeidh an Príomhoide agus an Leas-príomhoide i láthair sa chruinnithe seo cuid den am ar a laghad. Bíonn cruinniú amháin ann i rith na scoilbliana de ghnáth.

Le fada an lá chuir thuismitheoirí slán lena bpáistí, go minic go luath ar maidin, agus ní fhaca siad na páistí céanna go mall sa tráthnóna, gan fios ar bith ag na thuismitheoirí cad é a bhí ar siúl acu idir an dá linn.

Is féidir anois, trí Chumainn Tuismitheoirí ag obair taobh le taobh le Bord na Bainistíochta, leis an Phríomhoide agus leis na Múinteoirí, glór a bheith ag thuismitheoirí in oideachas a bpáistí ar scoil. Ach, ní tharlóidh sé seo mura mbíonn thuismitheoirí eagraithe sa dóigh is go mbeidh an glór sin le cluinstitín.

## **CAD É AN RUD É N.P.A.V.S.C.C?**

Is eagraíocht deonach ar fad í Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí do Ghairmscoileanna agus do Choláistí an Phobail atá bunaithe do thuismitheoirí na ndaltaí dara leibhéal, agus iad ag obair le chéile i scoileanna agus i gcoláistí ar fud na tíre leis na páirtithe oideachais eile.

Is iad na páirtithe seo ná, Bord na Bainistíochta, Múinteoirí, Príomhoidí, Coistí Gairmoideachais, agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, chomh maith le Cumann na bPríomhoidí, Cumainn na Múinteoirí (T.U.I., A.S.T.I.), & Cumainn agus Comhairlí Tuismitheoirí eile.

Tá suim go leith ag N.P.A.V.S.C.C. sa ghairmoideachas agus mar sin de tá sé tábhachtach go dtagann muid le chéile mar chomhlacht amháin go náisiúnta, le Córas an Ghairmoideachais a chur chun cinn agus a chosaint.

### **CUMANN SCOILE**

Is é an N.P.A.V.S.C.C. a bhunaigh an Cumann Scoile. Buailéann tuismitheoirí na ndaltaí atá cláraithe sa scoil le chéile i mí Mheán Fómhair/Dheireadh Fómhair ag a gCruinniú Ceann Bliana, le Coiste/Comhairle a roghnú a dhéanfaidh ionadaíocht dóibh.

Roghnaíonn an Coiste/Comhairle seo a gcuid oifigeach (cathaoirleach, rúnaí, srl.) chomh maith le beirt ionadaithe le dul chun tosaigh chuig Scéim an Chontae/Feidhmeannas Náisiúnta.

### **CUMANN SCÉIME**

Is é Cumann Scéime an chéad leibhéal eile (agus é bunaithe). Sa scéim seo tá beirt ionadaithe ó gach scoil/coláiste cláraithe sa chontae, a roghnaíonn a gcuid oifigeach féin agus beirt ainmneach a sheasfaidh ar a son ag an leibhéal náisiúnta.

### **FEIDHMEANNAS NÁISIÚNTA**

Tá an Feidhmeannas Náisiúnta cuimsithe de na hionadaithe i Scoileanna Scéime na gContaethe, Ionadaithe VEC agus a gComhbhallraíocht.

## PRÍOMHCHUSPÓIRÍ NPAVSCC

- Le tuismitheoirí na bpáistí atá ag freastal ar scoileanna VEC agus ar Choláistí an Phobail a eagrú.
- Le hionchur níos láidre ó thuismitheoirí a chur chun cinn i gcomhpháirtíocht le bainistíocht na scoile, le múinteoirí agus le mic léinn sa chóras oideachais, agus meas a bheith acu ar na páirtithe seo.
- Le bunú Chumainn Tuismitheoirí i ngach Scoil agus Coláiste de chuid an V.E.C. a chur chun cinn.
- Le hionadaíocht a dhéanamh ag gach leibhéal, ar thuairimí agus ar leas na dtuismitheoirí a bhfuil páistí acu atá ag freastal ar Ghairscoileanna agus ar Choláistí an Phobail.
- Le bheith ag obair taobh le taobh le comhlachtaí cuí chun an t-oideachas agus na seirbhísí is fearr a fháil do dhaltaí atá ag freastal ar Ghairscoileanna agus ar Choláistí an Phobail.
- Le dul i gcomhairle le comhlachtaí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta nuair is cuí do chuspóirí an Chumainn.
- Lenár luacha sóisialta agus cultúrtha, chomh maith lenár n-aidhmeanna acadúla a chothú.
- Le cearta ballraíochta na dtuismitheoirí sa VEC a chothú agus a chur i bhfeidhm. Le heolas a chur ar thuismitheoirí ar chúrsaí a bhaineann leo agus le deis a thabhairt do thuismitheoirí ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta a gcuid tuairimí ar oideachas a bpáistí a chur in iúl.
- Le hairgead a chur ar fáil nuair is gá chun costais an chumainn a chlúdach.

# **Cad chuige a nglacfa páirt i gCumann Tuismitheoirí agus cad é mar is féidir le Cumainn Tuismitheoirí a bheith níos gníomhaí?**

Ba chóir go mbeadh páirt lárnach ag gach tuismitheoir/caomhnóir sa cheapadh beartais i do scoil mar seo a leanas:

## **Cóid Araíonachta;**

- Scoileanna atá anois ag forbairt polasaithe a bhaineann le cúram tréadach a chlúdaíonn Éiteas na Scoile (Luachanna Morálta agus Sóisialta).  
Ról na Bainistíochta, na Foirne, an Phríomhoide agus na dTuismitheoirí.

## **Bulaíocht;**

- Athbhreithnithe atá ar siúl i láthair na huair.
- Múinteoirí agus an fhoireann nach mbíonn ag teagasc, Daltaí agus Tuismitheoirí chun cáipéis a scríobh a bhaineann le bulaíocht agus an dóigh is fearr le déileáil leis i do scoil.

## **Eolas ar Shlite Beatha**

- Leabharlann d'eolas ar shlite beatha.
- Bailiú eolais.
- Oíche Eolais ar shlite beatha.

## **Gaolta agus Oideachas Gnéasachta**

- Oícheanta Eolais
- Tuiscint ar Dhrugaí
- Bulaíocht
- Bainistíocht ar Strus

## **An tAcht Oideachais 1998**

Thug an tAcht Oideachais 1998 ról reachtúil do thuismitheoirí a thug feidhm lárnach dóibh in oideachas a bpáistí i bpobal na scoile.

Is iad na príomhphointí ná:

- Ról níos mó do thuismitheoirí
- Bunú Chumainn Tuismitheoirí (Cuid 26)
- Modhanna le heolas a thabhairt do thuismitheoirí (Cuid 20)
- Ionadaíocht ar VEC
- Ionadaíocht ar Bhord na Bainistíochta
- Ról comhairle leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- Modh achomhairc do VEC, Cod. 28 & 29

## **TREOIRLÍNTE CHUMAINN SCOILE**

- Tá cuidiú, tacaíocht agus eolas de dhíth ar thuismitheoirí. Is féidir le Cumainn Tuismitheoirí cuidiú leis seo.
- Níl oiliúint ag tuismitheoirí i dtógáil a bpáistí; foghlaimíonn muid de réir a chéile.
- Tá sé tábhachtach ar bhunú Chumainn Tuismitheoirí go dtuigtear go mbeidh na tairbhí céanna ag tuismitheoirí, múinteoirí, an scoil agus na daltaí, agus nach mbeidh an cumann bagrach.
- Caithfidh muid a bheith profisiúnta le meas an phobail a bheith orainn.
- Caithfidh muid leibhéal ard iontaobhais a bhunú. Má bhíonn iontaobhas agus macántacht idir na tuismitheoirí, na múinteoirí agus an scoil, beidh tairbhí ag gach páirtí.
- Ní bheidh an pháirtíocht éifeachtach mura mbíonn na tuismitheoirí in ann a gcuid easaontas a phlé leis an scoil ar dhóigh atá eagraithe.
- Le fíorionadaíocht a dhéanamh caithfidh an cumann bualadh le chéile go minic le tuismitheoirí agus, más ga, le múinteoirí.
- Is geallsealbhóirí iad sa scoil na tuismitheoirí, agus ba chóir go mbeadh tionchar acu ar pholasaithe na scoile, trína n-ionadaithe.

- Tá sé tábhachtach cur i gcuimhne gur le múinteoirí (oideachasóirí) agus leis an scoil gnéithe oideachasúil/teicniciúil agus profisiúnta an oideachais, ní leis na tuismitheoirí.
- Is féidir gurb é comhlacht na dtuismitheoirí an grúpa is cumhachtaí sa chóras oideachais, agus thioctadh le cumhacht chomhlacht na dtuismitheoirí a bheith iontach éifeachtach maidir le tionchar ar na comhlachtaí ábhartha, m.sh. Ranna an Rialtais.

#### **Cuspóirí Chumainn Tuismitheoirí**

- Leas na dtuismitheoirí a ionadú.
- Tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí.
- Fóram díospóireachta a chur ar fáil ar chúrsaí oideachais agus mar mhodh cumarsáide.
- Páirtíocht oideachasúil a chothú idir an baile agus an scoil faoi choinne thairbhí na bpáistí.
- Cuidiú a thabhairt do bhail a bhfuil deacrachtaí acu.
- Aidhmeanna NPAVSCC a chur chun cinn go gníomhach.
- Aidhmeanna Oideachasúil Náisiúnta a chur chun cinn go gníomhach.

#### **Ról na nOifigeach**

Tá an Cathaoirleach freagrach d’iompar na gcrúinnithe; déanann sé/sí iarracht chun na tuairimí uile a chluinstin agus tagann sé/sí chun réiteach atá ráite go soiléir.

Má bhíonn vóta i gceist tá dara vóta agus vóta réitigh aige/aici i gcás vóta cothrom.

- Glacann an leaschathaoirleach áit an chathaoirligh mura mbíonn an cathaoirleach ar fáil.
- Scríobhann an Rúnaí miontuairiscí na gcrúinnithe: cuireann sé/sí eolas ar an bhallraíocht faoi chruinnithe atá le teacht, agus ar chlár na gcrúinnithe sin; scríobhann agus glacann sé/sí comhfhreagras ar son an chumainn agus cuireann sé/sí an comhfhreagras uile ar shúile na ballraíochta.
- Osclaíonn agus cothaíonn an Cisteoir cuntas bainc ar son an chumainn; tá sé/sí freagrach don airgead uile atá glactha; déanann sé/sí ráiteas na gcuntas do gach cruinniú agus déanann sé/sí agus cuireann sé/sí cuntas bliantúil i láthair ag an Chruinniú Ceann Bliana.
- Tá an tOifigeach Caidrimh Phoiblí freagrach, ar son an chumainn, do dhíospóireacht leis an mheán cumarsáide, leis an phobal áitiúil agus le scoileanna eile sa cheantar.

## **Cruinnithe Éifeachtacha**


Tá na gnéithe seo a leanas le feiceáil ag cruinnithe éifeachtacha:

- Tá gach duine breá ullmhaithe.
- Cuirtear na cáipéisí díospóireachta sa phost roimh ré agus léitear ag gach duine a ghlacann páirt iad.
- Tuigeann gach duine riachtanas agus cuspóirí an chruinnithe.
- Tosaíonn na cruinnithe in am agus claoíann siad leis an chlár.
- Bainistíonn an Cathaoirleach an cruinniú go héifeactúil.

## **Ní hé Bailiú Airgid príomhchuspóir Chumann Tuismitheoirí**

- Tá bailiú airgid riachtanach sa chuid is mó de na scoileanna chun cur le acmhainní atá ann cheana féin.
- Ní hé bailiú airgid ról na dtuismitheoirí, ach thig leo cuidiú, rud a dhéanann siad.
- Ba chóir do fhochoiste bhailiú airgid tuairisciú go díreach chuig Bord na Bainistíochta.
- Ba cheart go mbeadh cuspóir bliantúil soiléir ag bailiú airgid.
- Ba cheart do Bhord na Bainistíochta cuidiú a thabhairt le bunú Chumann Tuismitheoirí, chomh maith le háiseanna riachtanacha a chur ar fáil chun an cumann a réachtáil de réir reachtaíochta.

# STRUCHTÚR



## BORD NA nOIFIGEACH

Post	Ainm	Seoladh	Sonraí Teagmhála	Ríomhphost
Uachtarán	Jim Moore	Crionna, Cé na Cille Móire, Co .Loch Garman	087 2858278	jimmoore@marindus.com
Leas-uachtarán	John Gibbons	Garnaifeile, Baile Átha Luain, Co na hIarmhí.	087 9420668	npavsc@npavsc.ie
Rúnaí	Jackie O Callaghan	Ceol na hAbhain, Teach na Seanscoile, Béal Na Bláth, An Baile Gallda, Co Chorcaí	086 1200113	jackie_ocallaghan2005@hotmail.com
Leasrúnaí	Catherine O'Donnell	13 Eastát Naomh Breandán, Calafort Ros Láir, Co Loch Garman.	086 4072066	famodonnell@eircom.net
Cisteoir	Ken Maguire	Caddagh, Droim dha Thiar, Co Liatroma.	085 1740659	kmaguire@eircom.ie
Leaschisteoir	Pauline O Brien	An Mullach, Ceannanas, Co na Mí.	087 7523687	Paulineobrien8@eircom.net
O.C.P	Francis Mc Daid	Drimdart, Inbhear, Co Dhún na nGall	0868478469	mcdaidfrank@hotmail.com
Oifigeach Forbartha	Rose Tully	Feigh, Buiríos Uí Chéin, Co Thiobraid Árann.	0862608073	rtt@indigo.ie

## Meastóireacht Scoile Uile

Seo a leanas rianú ginearálta de phróiseas Meastóireacht Scoile Uile atá ar siúl faoi láthair i scoileanna dara leibhéal.

### Meastóireacht Scoile Uile

Tugann Meastóireacht Scoile Uile léargas ar obair na scoile ón taobh amuigh. Thig leis cleachtadh maith a chinntiú agus achair d'fheabhas a shainnithint.

Is féidir í a úsáid mar uirlis d'fhéinmheastóireacht agus chun cáilíocht a chinntiú sa chóras oideachais.

### Roinnt Prionsabail de Chigireachtaí Mheastóireacht Scoile Uile:

- i) Le cáilíocht mhaith a thuairisciú
- ii) Le comhmheas a chothú
- iii) Fianaise ar an láthair ón scoil
- iv) Comhthéacs na scoile a mheas
- v) Mothálacht do mhúinteoirí agus do scoileanna
- vi) Dul i mbun díospóireachta
- vii) Admhaigh gurb iad na mic léinn na tairbhí i bpróiseas na meastóireachta.

### Próiseas

Roghnaítear scoileanna ag foireann bhainistíochta na cigireachta, agus roghnaítear meascán de scoileanna de réir a saghais agus a cineáil.

Roghnaítear meascán tuathúil agus uirbeach, buachaillí amháin agus cailíní amháin, chomh maith le comhoideachas le clarú mór agus le clarú beag.

Roghnaítear ábhair ionas go mbeidh meascán ann de na croí-ábhair agus de na hábhair roghnacha.

### Frámaíocht

Déantar scrúdú ar cúig achar faoi na ceannteidil...

- i) Cáilíocht Bhainistíochta na Scoile
- ii) Cáilíocht Phleanáil na Scoile
- iii) Cáilíocht Sholáthar an Churaclaim
- iv) Cáilíocht Léinn agus Teagaisc
- v) Cáilíocht Thacaíochta do Mhic Léinn

### Próiseas MIS (WSE)

- i) Cruinniú réamh-mheastóireachta
- ii) Athbhreithniú ar cháipéisí
- iii) Agallaimh/Cruinnithe/Díospóireachtaí
- iv) Breathnú ar Theagasc agus ar Léann
- v) Scrúdú ar obair an scoláire
- vi) Cruinnithe Iarmheastóireachta
- vii) Cóip den tuairisc dréachta curtha chuig na daoine bainteacha faoi choinne deimhniú fíorasach.
- viii) Cóipeanna den tuairisc dheireanach curtha chuig an Phríomhoide faoi choinne scaipidh.

# AGUISÍN 1



**Bunreacht NPAVSCC Márta 2007**

## **1. Ainm**

Tugfar Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí um Ghairmoidechas ar an chumann, nó NPAVSCC.

## **2. Cuspóirí**

- a) Leis na tuismitheoirí a bhfuil páistí acu atá ag freastal ar Ghairmscoileanna agus ar Ionaid Oideachais a eagrú, trí bhunú Chumainn Tuismitheoirí.
- b) Le ionadaíocht a dhéanamh ar bharúlacha agus ar leasanna na dtuismitheoirí sin ag leibhéal náisiúnta.
- c) Le comhoibrigh agus dul i bun díospóireachta le comhlachtaí bainteacha chun an t-oideachas agus seirbísí eile is fearr a aimsiú do mhic léinn atá ag freastal ar Ionaid Oideachais na nGairmscoileanna.
- d) Le dul i gcomhairle le comhlachtaí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta nuair is cuí do chuspóirí an Chumainn.
- e) Le hionchur níos láidre ó thuismitheoirí a chur chun cinn i gcomhpháirtíocht le bainistíocht na scoile, le múinteoirí agus le mic léinn.
- f) Le hionadaíocht reachtúil a chothabháil do thuismitheoirí ar Bhoird Bhainistíochta agus ar Choistí Gairmoideachais.
- g) Le hionadaíocht a aimsiú do bhallraíocht an chumainn ar gach comhlacht de chuid an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.
- h) Lenár luachanna sóisialta agus cultúrtha a chothú, chomh maith le haidhmeanna acadúla.

## **3. Ballraíocht**

- a) Beidh ballraíocht don chumann ar fáil do na tuismitheoirí uile a bhfuil páistí acu atá cláraithe le Gairmscoileanna/Ionaid Oideachais.
- b) Ionadaithe na dtuismitheoirí, roghnaithe ag tuismitheoirí atá curtha síos in 3(a) agus ainmnithe ag an chumann, agus iad ina suí ar Choistí Gairmoideachais.
- c) Críochnóidh lánbhallraíocht don chumann ag Cruinniú Ceann Bliana an Ionad Oideachais, nó cumann tuismitheoirí an chontae má tá (a) nó (b) neamhbhainteach níos mó.
- d) Mura mbíonn (a) and (b) neamhbhainteach níos mó d'oifigeach an chumainn, thig leis/léi leanstan ar aghaidh a fhad le deireadh an chéad chomhdháil náisiúnta eile.

## **4. An Cumann**

(a) Is iad comh-chomhlachtaí an chumainn ná:

- i) Comhdhail Náisiúnta.
- ii) Feidhmeannas Náisiúnta.
- iii) Ionadaithe Tuismitheoirí VEC.
- iv) Cumainn an Chontae.
- v) Cumainn an Scoile.
- vi) Baill Chomhlacha.

(Iar-bhail an chumainn a chuideodh le hobair an chumainn ó am go ham ar chuireadh ón fheidhmeannas náisiúnta)

(b) Beidh an cumann féinrialaitheach, gan baint ar bith le páirtí polaitíochta, agus é neamhshainchreidmheach.

## **5. Comhdháil Náisiúnta**

a) Is é an Chomhdháil a bheas freagrach maidir le ceapadh pholasaí an chumainn.

b) Sa Chomhdháil beidh:

- i) An Feidhmeannas Náisiúnta.
- ii) Ionadaithe Tuismitheoirí VEC.
- iii) Toscairí Chumainn an Chontae.
- iv) Beirt thoscairí i ngach scoil/ionad oideachais agus iad tuismitheoirí le daltaí atá ag freastal ar ghairmscoileanna/ionaid oideachais.

c) Beidh vóta amháin ag gach toscaire.

d) Buailfidh an chomhdháil náisiúnta gach Márta.

e) Beidh de chúram ar an chomhdháil náisiúnta comhdháil a eagrú agus coiste na mbuan-orduithe a cheapadh.

f) Thig leis an fheidhmeannas náisiúnta comhdháil neamhghnách a iarraidh, nó le 25% de na scoileanna/ionaid oideachais cláraithe, am ar bith, chun polasaithe a bhunú ar chúrsaí atá fíorthábhachtach. Beidh an chumhacht chéanna ag comhdháil neamhghnách, maidir leis an ghnó atá idir lámha aici, is atá ag Comhdháil.

## **6. Gnó na Comhdhála**

a) Le tuairiscí bliantúla a mheas agus a ghlacadh.

- b) Le ráiteas airgeadais bliantúil a mheas agus a ghlacadh.
- c) Le cuntasóir a cheapadh.
- d) Le tairiscintí a mheas agus a chur chun vóta.
- e) Le toghchán oifigeach a réachtáil agus an toradh a fhógairt. Is trí rúnballóid a réachtáiltear na togháin seo.
- f) Roghnófar an t-uachtarán ag Comhdháil. Beidh sé/sí i seilbh oifige go ceann bliana amhain, agus má bhíonn sé/sí incháilithe féadfar é/í a atoghadh go bliantúil suas go dtí téarma thrí bliana.
- g) Déanfar cinnidh le glantromlach vótaí na dtoscairí. Má bhíonn vóta cothrom ann, beidh dara ballóid ann, agus más gá beidh an vóta réitigh ag an Chathaoirleach.

h) Beidh córam ann má fhreastlaíonn 20% de na toscairí a bhfuil cearta acu faoi alt 5 ar an Chomhdhail.

## **7. An Feidhmeannas Náisiúnta**

a) San fheidhmeannas náisiúnta beidh na hionadaithe tuismitheoirí VEC, beirt thoscairí ó gach cumann an cheantair VEC agus beirt thoscairí ó chumann tuismitheoirí i ngach scoil/ionad oideachais atá cláraithe.

b) Má bhíonn folúntas san uachtaránacht beidh an leasuachtarán ag feidhmiú mar uachtarán, agus roghnófar leasuachtarán ón fheidhmeannas náisiúnta.

c) Buailfidh an feidhmeannas náisiúnta le chéile a mhinice is gá sin.

d) Beidh córam ann don fheidhmeannas náisiúnta má bhíonn ocht mball i láthair.

e) Beidh an feidhmeannas náisiúnta ag feidhmiú de réir pholasaithe an chumainn, nó má bhíonn riachtanas ann le feidhmiú chun leasanna na ballraíocht a bhaint amach, nuair nach mbíonn polasaithe soiléir ann. Chomh maith leis seo beidh de chúram ar an fheidhmeannas eolas a chur ar an bhallraíocht ar obair an chumainn a minice is féidir.

f) Ceapfaidh an feidhmeannas náisiúnta óna bhallraíocht féin chuig Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, iarbhunscolaíocht Teo, de réir na hionadaíochta ceadaithe.

g) Beidh cumhacht ag an fheidhmeannas náisiúnta fochoistí a bhunú, agus daoine a ainmniú chun obair a dhéanamh in achair áirithe. Tá cumhacht ag an fheidhmeannas náisiúnta na coistí seo a dhíscáileadh. Bainfidh an feidhmeannas náisiúnta úsáid as an saineolas atá ar fáil dó sa chumann agus é ag iarraidh baill na bhfochoistí a ainmniú.

## **8. Cumainn an Chontae**

a) Beidh de chúram ar ionadaithe tuismitheoirí VEC cumainn chontae/cheantair a bhunú.

b) Beidh beirt thoscairí roghnaithe ag cumainn chontae/cheantair chuig an fheidhmeannas náisiúnta.

c) Beidh an cumann contae/ceantair ag feidhmiú de réir a nósanna féin, má aontaíonn na nósanna seo leis an bhunreacht. Ba cheart dó cruinniú a bheith aige uair amháin ar a laghad i rith an téarma scoile.

## **9. Cumainn Scoile/Ionad Oideachais**

a) Beidh an cumann scoile/ionad oideachais ag feidhmiú de réir a nósanna féin, má aontaíonn na nósanna seo leis an bhunreacht seo. Ba cheart dó cruinniú a bheith aige uair amháin ar laghad i rith an téarma scoile. Roghnófar cathaoirleach, leaschaitheoirleach, rúnaí, cisteoir agus OCP (PRO) go bliantúil.

b) Beidh an t-ionad oideachais comhcheangailte leis an chumann náisiúnta.

c) Cuirfidh rúnaí an chumainn ainmneacha agus seoltaí na n-oifigeach chuig an rúnaí náisiúnta go bliantúil, nó má bhíonn athruithe ann.

d) Ní bheidh cearta vótála ag cumann scoile/ionad oideachais mura mbíonn táillí cleamhnaithe íoctha.

e) Beidh ionadaithe tuismitheoirí i láthair ag cruinnithe chumainn scoile/ionad oideachais ina gceantair féin nuair a iarrtar ort a bheith i láthair.

## **10. Airgeadas**

a) Cinnfidh Comhdháil go bliantúil méid na táille a íocfar ag gach cumann ionad oideachais. Íocfar iad seo arna n-iarraidh ón fheidhmeannas náisiúnta.

b) Beidh an bhliain airgeadais mar an gcéanna leis an scoilbliana.

c) Déanfar ráiteas airgeadais don chumann faoi dheireadh mhí dheireadh fómhair don dhá mhí déag a chríochnaíonn ar an 31ú de mhí Lúnasa roimhe. Déanfar scrúdú ar an ráiteas ag cuntasóir cáilithe cláraithe atá ceaptha ag Comhdháil, nó ag an fheidhmeannas náisiúnta le cead na Comhdhála. Scaipfead cóipeanna de na cuntais chuig ballraíocht an fheidhmeannais náisiúnta agus chuig cumainn tuismitheoirí ionad oideachais atá cláraithe.

d) Beidh airgead an chumainn, ag gach leibhéal, i gcuntas bainc.

e) Beidh tríúr ball ainmnithe ag an fheidhmeannas náisiúnta leis an chuntas bainc a reáchtáil de réir an bhunreachta seo. Beidh dhá shínteoirí de dhíth le airgead a bhaint as an chuntas, ceann amháin acu siúd ina iontaobhaí i gcás an fheidhmeannais.

## **11. Ionntaobhaithe**

a) Is iad an t-uachtarán náisiúnta, rúnaí náisiúnta agus cisteoir náisiúnta ionntaobhaithe an chumainn.

b) Beidh airgead agus réadmhaoín an chumainn dílsithe do na hionntaobhaithe.

c) B'fhéidir iontaobhaí a bhaint as an phost má aontaíonn tromlach bhall an fheidhmeannais náisiúnta atá ag vótáil air sin.

## **12 Léirmhíniú**

Beidh an bunreacht seo léirmhínithe ag an fheidhmeannas náisiúnta.

## **13. Leasuithe Bunreachtúla**

Ní féidir an bunreacht seo, nó aon chuid de, a leasú ach amháin má bhíonn vóta tromlaigh dhá thrian de na hiontaobhaithe ann, agus iad ag vótáil ag Comhdháil.

## **14. NPCpp Ltd.**

Glacann an cumann le, agus daingníonn sé Altanna an Chumainn atá glactha ag Comhairle Tuismitheoirí Náisiúnta iar-bhunoideachais Teo.

## **15. Díscáileadh**

Má bhíonn an cumann díscáilte, tabharfaidh an feidhmeannas náisiúnta aon airgead nó réadmhaoin atá fágtha d'eagraíocht charthanachta aitheanta.

# AGUISÍN 2



**Polasaí NPAVSCC Márta 2007**

Tugann bunreacht An Cumann Náisiúnta Tuismitheoirí do Ghairmscoileanna agus Coláistí Pobail sainmhíniú ar aidhmeanna agus ar chuspóirí an Chumainn. Moltar do na baill uile staidéar a dhéanamh orthu agus bheith eolach orthu.

Is eagraíocht daonlathach, chaoinfhulangach, ilchreidmheach agus cuimsitheach é an NPAVSCC. Is é an phríomhaidhm ról tuismitheoirí mar phríomhoideachasóirí a bpáistí a chothú, a chur chun cinn agus a chaomhnú, de réir Bhunreacht na hÉireann. Díritear a chuid iarrachtaí uile ar leas na ndaltaí inár scoileanna agus inár gcoláistí tríd an tacaíocht agus an treoir óna dtuismitheoirí ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Is é Ard Bhord Bainistíochta na heagraíochta a Chomhdháil Náisiúnta. Déantar polasaithe an Chumainn iad reachtaíocht a cheadaítear ag an CCB go huathoibríoch. Ceanglaíonn siad agus treoraíonn siad modh oibre na nOibríthe agus Choiste an Fheidhmeannais Náisiúnta. Ní féidir reachtaíocht a leasú nó a chur ar ceal ach ag CCB eile.

Is achoimre é an Cháipéis Polasaí ar mhíniú, aidhmeanna agus ar chuspóirí na rún áirithe a ceadaiódh ag agus ó Chomhdháil 1994. Téann cinn níos nua-aimseartha roimh chinn níos sine nuair a bhíonn éiginnteacht ann faoin chiall nó chúis. Déantar an cháipéis a uasdhátú go bliantúil i ndiaidh gach CCB. Is féidir go socróidh Coiste an Fheidhmeannais Náisiúnta, nó Coiste na mBuan-Orduithe ar na míreanna nó fiú amháin leagan amach na cáipéise iomláine a atheagrú, ó am go ham. Ar dtús rinneadh taifeadadh ar gach rún ar glacadh leis agus priontáladh é. Le himeacht ama, áfach agus leis an mhéadú ar na rún céanna shocraigh na hOifigigh ar an cháipéis a réasúnú. Ní athraíonn, áfach, ciall lárnach na rún.

Titeann cúrsaí oideachais i ndá chatagóir go hiondúil. Is féidir leo bheith láithreach, ar nós an leasaithe a moladh do An tAcht um Oideachais Ghairmiúil 1930, a cuireadh i gcrích buíochas le Dia, an t-aighneas a chothaigh stail an ASTI, a thosaigh i Samhain 2000, nó an gá le tuismitheoirí bhí ag freastal ar na Boird Bhainistíochta a thraenáil. Socraítear na ceisteanna láithreacha seo taobh istigh de thréimhse chúpla bliain go hiondúil. Is ceisteanna fadtéarmacha na cinn eile, ceisteanna reatha. Ina measc bíonn inní tuismitheoirí faoi mhaoiniú, smacht, iompar, scrúduithe, chailliúnt ama idir daltaí agus múinteoir, fionraí agus chur as an scoil, srl.

Bíonn siad seo ina gceisteanna tábhachtacha ar feadh tamaill fhada. Mairfidh cuid acu mar bhunábhair inní do Phairtnéirí in Oideachas

(Tuismitheoirí, Múinteoirí, Bainistíocht agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta) a fhad agus a mhaireann scoileanna. Dá bhrí sin, ardófar iad ag gach CCB. Ag éirí as sin, beidh gá le gach cáipéis polasaí a leasú, a athrú, a mhodhnú agus a uasdhátú ar bhonn leanúnach. Léiríonn an cháipéis a leanas polasaithe agus inní tuismitheoirí an lae inniu.

Cé go gcloíonn sé le cinnithe na gComhdhálacha áirithe, tá sé in ainm is a bheith solúbtha ná greanta i gcloch.

#### 1. (N.P.AV.S.C.C.)

Rialaíonn oibrithe an Chumainn a bhunreacht. Tugtar sainmhíniú orthu seo mar chuspóirí an Chumainn agus bíonn sé de dhualgas ar an Chumann agus ar Choiste an Fheidhmeannais Náisiúnta iad a chur i bhfeidhm chomh fada agus is féidir.

#### Cuspóirí:

1. Tuismitheoirí uile na ndaltaí atá ag freastal ar Ghairmscoileanna nó Choláistí Pobail a eagrú tríd Chumann Tuismitheoirí a bhunú sna scoileanna seo uile..

2. Ionadaíocht a dhéanamh ar dhearcaidh agus leasanna, ag leibhéal náisiúnta, tuismitheoirí na ndaltaí atá ag freastal ar Ghairmscoileanna agus ar Choláistí Pobail.

3. Comhoibriú agus idirbheartaíocht a dhéanamh leis na grúpaí cuí chun na seirbhísí is fearr oideachais agus eile a fháil do na daltaí atá ag freastal ar Ghairmscoileanna agus ar Choláistí Pobail.

4. Dul i gcomhairle agus comhoibriú a dhéanamh le, ionadaíocht a dhéanamh ar, agus, nuair is cuí, ionadaíocht a lorg ar ghrúpaí áitiúla, réigiúnda, náisiúnta agus idirnáisiúnta de réir mar a mheastar iad a bheith bainteach le cuspóirí an Chumainn.

5. Chun comhpháirtíocht níos fearr a chothú i measc tuismitheoirí i bpáirtíocht le Bainistíocht, Múinteoirí, agus Daltaí sa chóras oideachais, agus meas a bheith acu ar na páirtithe sin.

6. Ionadaíocht reachtúil a fháil don Chumann i mbainistíocht na scoile ag gach leibhéal.

7. Chun ár luachanna sóisialta agus cultúrtha a chur chun cinn, i ngach bealach is féidir, chomh maith le haidhmeanna acadúla.

Ar a bharr sin, mar chomhalta bunreachtúil Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí, iarbhunscoile Teo., tá dlúthcheangal idir an Cumann agus Cumann Eorpach na dTuismitheoirí. D'fhógair CPT “ Cearta agus Dualgais Thuismitheoirí san Eoraip”. Is sampla iad chomh maith d'fhealsúnacht agus d'aidhmeanna ár gCumann. Mar sin, tá siad siúd sa Cháipéis seo Pholasáí chomh maith.

## CEARTA AGUS DUALGAIS THUISMITHEOIRÍ SAN EORAIP.

- Tá an ceart ag tuismitheoirí a gcuid páistí a thógáil gan idirdhealú ar bith mar gheall ar dhath a gcrainn, a chine, a náisiúntacht, a greideamh ná a stádas eacnamíoch. Bíonn sé de dhualgas ar thuismitheoirí a gcuid páistí a thógáil agus tuiscint fhreagrach acu ar a chéile agus do dhomhan daonnachtúil.
- Ba chóir go bhfaigheadh tuismitheoirí an t-aitheantas mar phríomhoideachasóirí a gcuid páistí. Bíonn sé de dhualgas ar thuismitheoirí a gcuid páistí a thógáil go freagrach agus gan neamart a dhéanamh iontu.
- Ba chóir go mbeadh teacht iomlán ag tuismitheoirí ar an chóras foirmiúil oideachais dá gcuid páistí de réir a gcuid riachatans, buanna agus luaíochtanna. Bíonn sé de dhualgas ar thuismitheoirí iad féin a chur ar fáil mar chomhpháirtithe oideachais do scoil a gcuid páistí.
- Tá an ceart ag tuismitheoirí an t-eolas uile a bhaineann lena gcuid páistí ó institiúid oideachais a fháil. Bíonn sé de dhualgas ar thuismitheoirí an t-eolas cuí uile a thabhairt do na scoileanna a gcuid páistí chun na spriocanna oideachais ar a ndírítear iad beirt a bhaint amach.
- Tá an ceart ag tuismitheoirí rogha a dhéanamh maidir le hoideachas, rogha atá cóngarach do na mianta agus na luachanna atá acu maidir le tógáil a gcuid páistí. Bíonn sé de dhualgas ar thuismitheoirí roghanna coinsiasacha agus eolacha faoin oideachas ba chóir dá gcuid páistí a fháil.
- Tá an ceart ag tuismitheoirí meas a fháil ón chóras foirmiúil oideachais maidir le cúlra spioradálta agus cultúrtha an oideachais a thugann siad dá gcuid páistí. Bíonn sé de dhualgas ar thuismitheoirí a gcuid páistí a thógáil le glacadh le agus le meas a bheith acu ar dhaoine eile agus a gcuid creideamh.

- Tá an ceart ag tuismitheoirí tionchar a bheith acu ar a pholasaí a chuireann a scoil i bhfeidhm. Bíonn sé de dhualgas ar thuismitheoirí bheith tiománta go pearsanta do scoileanna a gcuid páistí mar pháirt tábhachtach don phobal áitiúil.
- Tá an ceart ag tuismitheoirí agus a gcuid cumann dul i gcomhairle go gníomhach faoi pholasaithe na n-údarás poiblí oideachais ag gach leibhéal. Bíonn sé de dhualgas ar thuismitheoirí cumainn intíre ionadaíochta a chaomhnú ag gach leibhéal le hionadaíocht a dhéanamh orthu féin agus a gcuid leasanna.
- Tá an ceart ag tuismitheoirí tacaíocht ó ábhar poiblí chun constaiceanna airgeadais a mhaolú maidir le teacht ar oideachas dá gcuid páistí. Bíonn sé de dhualgas ar thuismitheoirí idir am agus dhualgas pearsanta a thabhairt dá gcuid páistí agus dá scoil chun tacaíocht a thabhairt dá cuid iarrachtaí spriocanna oideachasúla a bhaint amach.
- Tá an ceart ag tuismitheoirí sólathair oideachais d'ardchaighdeán a fháil ó na húdaraí chuí phoiblí. Bíonn sé de dhualgas ar thuismitheoirí cuidiú a thabhairt dá chéile a gcuid scileanna a fheabhsú mar phríomhoideachasóirí agus pháirtithe sa chaidreamh idir an scoil agus an baile.

## 2. CAIDRIMH LEIS NA PÁIRTITHE EILE SAN OIDEACHAS.

Aithníonn NPAVSCC go bhfuil cuid mhór eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí atá bainteach, go díreach nó go hindíreach, le hoideachas agus leas ár gcuid páistí. Déanfaidh an Cumann iarracht dlúthchaidreamh oibre atá comhoibritheach agus cóngarach a bhunú agus a chothú leo atá le leas ar gcuid daltaí. Tá na “Páirtithe san Oideachas” chun tosaigh go mór i measc ár bpáirtithe: Is iad siúd:

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (DES)

Na Bainisteoirí, a ndéanann the Irish Vocational Education Association, (IVEA) ionadaíocht orthu.

Na Múinteoirí, a ndéanann a gceardchumann ionadaíocht orthu:

\* Teachers Union of Ireland, (TUI)

\* Association of Secondary Teachers of Ireland, (ASTI)

Obrímid fosta go gníomhach le comhchumann tuismitheoirí faoi bhrat National Parents' Council, post-primart, Ltd., (NPC, p-p, Ltd.).

Tá an Cumann toilteanach agus sásta comhoibriú a dhéanamh leis an Rannóga eile Stáit, na hOllscoileanna agus Institiúid eile Tríú Leibhéal, Aontas na Mac Léinn agus Grúpaí eile Mac Léinn, na Gardaí, Gairm an Leighis, na meáin chumarsáide, grúpaí deonacha, agus cumainn agus eagraíochtaí spóirt, cultúrtha agus só.

(a) Ó DES bímid ar lorg go diongbháilte aitheantas iomlán agus practiciúil maidir le ról tuismitheoirí/caomhnóirí sa chóras oideachais/

(b) Nuair a bhíonn gá déanaimid éileamh ar oiliúint le go mbeidh tuismitheoirí/caomhnóirí in inmhe a ról a chomhlíonadh.

(c) Iarraimid go roinneann Aonad Forbartha Inghairmeach an DES buiséad nach mbíonn níos lú ná €635 ar Bhord Bainistíochta gach Gairmscoile agus Coláiste Pobail faoi choinne oiliúna do thuismitheoirí agus oideachais, ina mbíonn athruithe ar an churaclam agus gairmtheoracha.

(d) Éilimid go mbíonn baint díreach leis an phróiseas Whole School Evaluation. (WSE)

(e) Éilimid go gcuireann an DES maoiniú díreach bliantúil ar fáil do gach *Constituent Bodies of the National Parents' Council, post primary, Ltd.*

(f) Gríosaimid an IVEA oiliúint chuí agus lámhleabhar a chur ar fáil do na baill uile a léiríonn feidhmeanna na mBord agus dualgais agus freagrachtaí a mball.

(g) Iarraimid ar an NPC. p-p, Ltd. maoiniú ar chur ar fáil go bliantúil do dá Chomhpháirithe uile le hinmharthanacht fadtéarmach na bpáirithe sin a chinntiú i struchúr oideachais a bhíonn de shíor ag athrú.

### 3. RIARACAHÁN AGUS MAOINIÚ AN OIDEACHAIS.

Is inní sáraitheach de chuid an NPAVSCC é gur chóir go mbeadh tuismitheoirí/caomhnóirí in inmhe páirt ghníomach agus iomlán a ghlacadh in oideachas a gcuid páistí agus i bhfeidhmniú scoileanna a gcuid páistí. Aithnímid go mbíonn buiséad an DES teoranta, fiú amháin nuair a bhíonn airgead ann go flúirseach, i bhfad rótheoranta de réir dhearcadh an Chumainn seo. Is ábhar inní dúinn go gcaitear an maoiniú leis an leas is fearr a bhaint amach, agus go gcaitear an chuid is mó den airgead sa seomra ranga - in áit in oifigí agus i gcúrsaí riaracháin.

#### A. RIARACHÁN.

i). Bainistíocht.

a) Ionadaíocht iomlán do thuismitheoirí ar gach VEC

ii). Tógáil Scoileanna.

Tá ceisteanna neamhfhuascailte agus buairimh againn maidir leis an ábhar seo. Is é príomhrannóg caiteachais chaipitil an DES é, agus ar go leor dóigheanna, is cosúil go mbíonn sé scartha agus saor ó inchur agus ó chomhairle ó thuismitheoirí. Ar a bharr sin:

a) Molaimid gur chóir go mbeadh cead ag Cumainn Tuismitheoirí, i gcomhar leis an BOM, inchur a bheith aige i ndearadh, i bpleanáil agus i leagan amach fhoirgnimh nua scoile.

b) Molaimid don DES liosta a gcuid tionscadal caipitil atá faoi lán seoil nó beartaithe a chur le chéile agus a fhoilsiú go bliantúil.

c) Iarraimid go mbíonn scoileanna/coláistí in inmhe áit s'acu ar liosta príorachtaí tionscadail an DES a aithint go furasta.

d) Éilimid go gcuirtear gearradh siar ar ceal ionas go gcríochnófar gach tógáil agus deisiú taobh istigh de cheithre bliana.

iii). Smacht.

a) Iarraimid ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta é a dhéanamh riachtanach do Phríomhoidí agus Bhoird Bhainistíochta dearcaidh agus mianta tuismitheoirí a ghlacadh san áireamh agus Cóid Smachta á ndruchtadh.

b) Iarraimid ar an DES méid agus minicíocht na n-uaireanta a mbaintear feidhm as fionraí agus/ nó díbirt mar bhealach chun smachtaithe.

iv). Achomhairc.

Déanann an Cumann seo a leanas:

a) Fáiltíonn roimh bhunú Imeachta Achomhairc agus an Phainéil faoi théarmaí Mhír 29 an Acht Oideachais.

b) Is beag leis nuair nach mbíonn tuismitheoir ar an Phainéal.

c) Molann don DES leabhrán mínithe a fhoilsiú faoi réimse agus oibríthe an phainéil.

d) Molann do Phríomhoidí an leabhrán a scaipeadh go bliantúil ar thuismitheoirí na ndaltaí ina gcuid scoileanna/ coláistí.

V). Ábhair inní Dhaltaí.

a) Molaimid don Aire Oideachais agus Eolaíochta go ndruchtfaidh an DES mórchód cleachtais do thaithí oibre i gcomhairle leis na páirtithe cuí.

b) Iarraimid ar an DES imeachtaí a chur i bhfeidhm chun comhordánú a dhéanamh ar an iliomad tionscadal mhochfhágáil na scoile atá anois bunaithe agus ag feidhmiú fud fad na tíre.

c) Iarraimid ar an Aire athbhreithniú a dhéanamh ar an chóras pointí atá ann faoi láthair d'oideachas tríú leibhéal agus méid seasta pointí a chur ina áit do gach cúrsa. Nuair a théann an t-éileamh thar infhaighteacht

chúrsaí, is féidir go mbeidh scrúdú iontrála agus scrúduithe fóirsteanachta de dhíth le fáil isteach sna cúrsaí sin.

d) Molaimid go dtugann gach institiúid oideachais tríú leibhéal an méid céanna pointí do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta.

vi) Clárú.

Molann an Cumann seo nach mbíonn ceisteanna a bhaineann le “Gairm an Tuismitheora” ar fhoirmeacha iontrála iarbhunscoile..

vii) Foireann Cúnta.

Iarraimid go gcuirtear cúnaimh breise cléiriúil ar fáil i scoileanna de réir mar a mhéadaíonn ualach an riaracháin.

viii) Cúntóirí do Pháistí a bhfuil sainriachtanas foghlama acu.

Molaimid go mbíonn an tsaoirse ag príomhoidí iarbhunscoile dualgais agus gníomhaíochtaí a thabhairt do SNA taobh amuigh den seomra ranga.

## B. MAOINIÚ.

i) Do Dhaonacmhainní.

a) Ba chóir go gcuirfí maoiniú ar fáil le traenáil ar leith a chur chun cinn do thuismitheoirí a thoghtar ar Bhoird Bhainistíochta ionas gur féidir leo a ról a chomhlíonadh ar a ndícheall.

b) Iarraimid ar an DES maoiniú cuí agus sásúil a chur ar fáil do:

i) Chúrsaí nua do mhúinteoirí a bhfuil sé orthu a gcuid scileanna a uasdhátú,

ii) Foireann bhreise a fhostaú ionas nach gcaillfear uaireanta ar bith teagaisc mar gheall ar an PCW.

c) Molaimid don DES maoiniú sásúil a chur ar fáil do na Scoileanna/Choláistí sin a bhfuil sé de dhíth orthu, múinteoirí/maoirseoirí staidéar iarscoile a íoc ar ráta cuí.

ii) D’acmhainní ábhair.

a) Iarrann an NPAVSCC ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta an deontas caomhnaithe do Ghairmscoileanna agus do Choláistí Pobail a mhéadú tríocha faoin chéad láithreach.

b). Iarraimid fosta ar an aire a leanas a chinntiú:

(i) Go dtugtar gach foirgneamh scoile suas go caighdeán inghlactha.

- (ii) Ba chóir cóiríochta gach scoil dara leibhéal a uasghrádú trí cheaintín iomlán deisiúil agus ceantar suíocháin a chur leis.
- (iii) Go gcuirtear an maoiniú cuí ar fáil go réidh atá de dhíth leis an uasghrádú,
- (iv) Go mbíonn gach buiséad scoil saor ó VAT,
- (v) Go mbíonn gach scoil saor ó chostais dramhala.
- (vi) Go dtugtar maoiniú sásúil ionas go ndéanfar uasghrádú ar shaotharlanna i scoileanna dara leibhéal chuig caighdeán 2000.

### iii) Do Riachtanais

a) Iarrann an NPAVSCC ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta an t-airgeadas atá ar fáil do Scéimeanna Leabhar Scoile a mhéadú agus deontais do Ghairmscoileann a chur ar chomhchéim, dá réir, leis na Deontais uile eile Leabhar Scoile do scoileanna dara leibhéal.

a) Éilimid go n-íocann an tAire deontas €70 an duine gach bliain ar feadh ceithre bliana do gach Ghairmscoil agus Choláiste Pobail le trealamh TE a cheannach.

c) Ar a bharr sin iarraidimid ar an Aire maoiniú breise, sásúil agus tiománta di scoileanna chun a leanas a dhéanamh:

(i) Costais a bhaineann le scrúduithe bunaithe ar thionscail a chlúdach, msh., Ábhair, Teicneolaíocht, Adhmad, Ábhair, Teicneolaíocht Miotail, srl (Teastas Sóisearach).

(ii) Téacsanna cuí Gairmoideachais, scrúduithe agus ábhair a cheannach,

(iii) An Costas méadaitheach a chlúdach a bhaineann le reachtáil Scrúduithe an Stáit i "réimse na n-ábhar praiticiúil".

iv) Do bhreosla.

Iarraidimid ar an DES maoiniú breise a chur ar fáil chun an méadú ollmhór ar chostas ola teasa a chlúdach.

v) D'imeachtaí Iarscoile

a). Molaimid gur chóir don DES maoiniú sásúil a chur ar fáil d'imeachtaí iarscoile a dhéanann Gairmscoileanna agus Coláistí Pobail.

b). Déanann Comhdháil éileamh go gcuirtear deontais ar fáil do gach mac léinn a roghnaítear le hionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann i gcomórtais nó gníomhaíochta idirnáisiúnta iarscoile spóirt, eolaíochta, cultúrtha nó cathartha.

vi) Deontais.

a). Iarraimid ar an Aire Airgeadais agus an Aire Oideachais agus Eolaíochta Deontas Caipitil na scoile a mhéadú go bliantúil.

vii) Brabús

Éilimid go dtugtar an brabús a dhéantar tríd ranganna Oideachais do Dhaoine Fásta ar ais chuig an scoil as ar tháinig siad de réir imlitir DES 46/00.

viii) Táillí Scrúdaithe

a). Éilimid go gcuireann an tAire Oideachais agus Eolaíochta deireadh le táillí scrúdaithe don Teastas Sóisearach mar chéad chéim i dtreo táillí iomlána scrúdaithe a chur ar ceal agus go n-athdháiltear maoiniú ar bith a fhaigheann VECs chun táillí an Teastais Shóisearaigh a mhaolú chun táillí an Ardteastais a mhaolú.

b). Éilimid go gcuirtear páipéir scrúdaithe an Teastais Shóisearaigh agus an Ardteastais ar fáil saor in aisce ón DES do mhic léinn mar chuid den phróiseas scrúdaithe s'acu.

ix) Táillí Tríú Leibhéil.

Déanann an NPAVSCC éileamh go ndéanann an tAire Oideachas agus Eolaíochta seo a leanas:

a) Deontais tríú leibhéil a ardú chuig leibhéal níos réadúla agus an tairseach cáilíochta a mhéadú.

b) Go mbíonn iarratais ar dheontais bunaithe ar ioncam glan.

c) Go mbíonn cead ag tuismitheoirí nach gcáilíonn do dheontais oideachas tríú leibhéil creidmheasa cánach a éileamh leis an ualach a mhaolú a bhíonn ann le hoideachas a chur ar fáil dá gcuid páistí.

d) Go n-ardaítear an t-aos go 22 ina n-íoctar sochar teaghlaigh dóibh siúd atá in oideachas lán-aimseartha.

#### 4. OILIÚINT MHÚINTEOIR AGUS IN-SEIRBHÍSE

